



Ráiteas Beartais Bainistíochta Fuinnimh

Réamhrá

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (ETB Dhún na nGall) tiomanta do bhainistíocht fhreagrach fuinnimh ar fud a chuid scoileanna, a Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna (FET), agus a fhoirgnimh riaracháin go léir. Aithnímid an tábhacht a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh maidir le tionchar comhshaoil a laghdú, feidhmíocht oibríochtúil a fheabhsú, agus tacú le spriocanna náisiúnta inbhuanaitheachta.

Ár dTiomantas

Geallann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall go ndéanfar:

- Tomhaltas fuinnimh a laghdú trí úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní agus as teicneolaíochtaí, de réir Threoirphlean Gníomhaíochta na hÉireann ar son na hAeráide.
- Éifeachtúlacht fuinnimh a thiomáint mar phróiseas feabhsúcháin leanúnaigh.
- Feasacht a chur chun cinn agus spreagadh a thabhairt do bhaill foirne, do dhaltaí, agus do pháirtithe leasmhara i dtreo iompar atá feasach ar fhuinneamh.
- Cloí le gach reachtaíocht agus gach caighdeán ábhartha fuinnimh.
- Monatóireacht, tuairisciú, agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht fuinnimh go rialta.
- Infheistiú i gcórais atá tíosach ar fhuinneamh, lena n-áirítear teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite nuair is féidir.
- Treochlár Bliantúil Gníomhaíochta Aeráide a ullmhú laistigh de 6 mhí ó fhoilsiú an Phlean Gníomhaíochta Aeráide náisiúnta.
- Tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do Laochra Fuinnimh i ngach scoil agus ionad chun tionscnaimh agus feabhsuithe áitiúla a stiúradh.

Cuspóirí

- Feabhsú leanúnach ar fheidhmíocht fuinnimh a bhaint amach.
- Éifeachtúlacht fuinnimh a chomhtháthú i soláthar, i gcothabháil, agus i dtionscadail chaipitil.
- Oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil don fhoireann agus do dhaltaí chun tacú le cleachtais sábhála fuinnimh agus chun buntáistí na héifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn.


- Comhoibriú le gníomhaireachtaí náisiúnta agus áitiúla chun teacht le dea-chleachtais agus le deiseanna maoinithe.

Rialachas

Déantar bainistíocht fuinnimh a mhaoirsiú ag Grúpa Stiúrtha Aeráide, Fuinnimh agus Inbhuanaitheachta Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, le tacaíocht ón nGrúpa Oibre um Bhainistíocht Fuinnimh, an tOifigeach Feidhmíochta Fuinnimh, an tOifigeach Fuinnimh, an Riarthóir Fuinnimh, agus na Laochra Fuinnimh ainmnithe i ngach scoil agus ionad. Déanfar dul chun cinn a rianú trí chruinnithe rialta de Ghrúpa Stiúrtha Aeráide, Fuinnimh agus Inbhuanaitheachta.

Conclúid

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall tiomanta do chultúr inbhuanaitheachta agus freagrachta fuinnimh a chothú, ag cinntiú go bhfuil ár dtimpeallachtaí oideachais éifeachtach, sábháilte agus dírithe ar an todhchaí.



Anne McHugh,
Príomhfheidhmeannach,
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

12ú Nollaig 2025.